RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/215 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2023

lena gceartaítear an leagan Spáinnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach, agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar tháirgí comhréidhe teo-rollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Spáinnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 ([2]) ón gCoimisiún, tá earráid in aithris 24, sa dara habairt agus in Airteagal 1(1), an dara fomhír, pointe v), lena n-athraítear brí na bhforálacha.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Spáinnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1100 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Ionstraimí Cosanta Trádála a tugadh an 4 Meitheamh 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 2.
([2]) IO L 238, 6.7.2021, lch. 32.